bhi-roinnt daoine ann agus ni raibh na rinnci ach go cuiosach aca. Fear de mhuintir na haite darb ainm Nioclas O Leannain a bhiodh mar Fhear a'Ti. Ba ghnach leis tosach a chur ar an gceili le "Fallai Luimnigh" a ghlaoch amach in ard a chinn is a ghotha. Ina dhiaidh san "Ionnsui na hInse", "Cor Ocht mBeirt", "Cor Cearhrair", "Cor na Siog" agus mar sin de go deireadh an cheili timpeall a h aon deag. Ni bhimis gan amhrain, ach oiread mar bhi na hamhranaithe Gaeilge ba bhreatha dar chualas riamh ina gconai sa Rinn an trath ud: Labhras O Cadhla, Nioclas Tiobin, Bean Mhichil i Ghionnfhaolaidh agus daoine eile nach feidir liom a n-ainmneacha a thabhairt chun cuimhne anois.

Mhair an cursa mi agus is feidir liom a innsint le lomchiar na firinne nar chaitheas saoire ba mo a chuaidh chun leasa mo choirp agus m'intinne o shoin i leith.

Bron agus tromchroi a bhi orm agus me ag fagaint na Rinne agus ag fagaint slan ag a muintir agus na cairde breatha a casadh orm ann is me ag tabhairt aghaidhe ar an saol mor aris.

*    *    *

Special thanks to Bob Morris for his patience and exertion.